# Ní díol grádha gleann na ndeor

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 45]

Fearghal Óg Mac an Bhaird

1 Ní díol grádha gleann na ndeor
ná lean a chádhas go cian;
cia an dúil nar ghortuigh go géar?
dúinn is léan a rochtain riamh.

2 Ná cluintear fíoch feasda fúibh
a shíol Eabha, a fhuigheal áir;
do-chím-se nach teann bhar dtóir;
gleann an bhróin an tír-se i [dtáir].

3 Gleann na ndéar an talamh trom,
do ghréas nochan antar ann,
dá lár is soibheirthe sionn,
is crádh liom m’oilithre ann.

4 Fan lucht toice fhuil san úr
toirrse ní fhuil ar a n-ór;
beag bhar ngaol re gleann na ndéar,
a dhream do fhéagh an raon róm.

5 Fa chloich ó do-chuaidh do chlí
ní fhoil groigh ná cuaich dod chaoi;
ní libh dod chrodh acht an chré,
a fhir a-né ar ndol fa dhlaoi.

6 A fhir dar bh’earradh an t-ór,
ní libh d’earradh acht an uagh;
san tír dar ghoire do ghrádh
lámh ag rígh oile mon-uar.

7 Mac Muire nar an fa fhád
don chruinne ná car acht súd;
níor leat do chríoch áluinn óg,
ní bhíoth acht fód fábhuill fúd.

8 Do-chuaidh d’fhuil Ádhaimh fa úr,
iar ’n-a ghuin tánaig i dtréan;
is fiú a ghaolmhaith drud ’n-a dhál;
tug grádh do naomhfhlaith na néall.

9 Ní théid ar a dhiadhacht dlaoi;
ná tréig ar an iasacht hé,
flaith as fhearr fan uile ní,

rí ar ar fheall an chruinne ché.

10 Tiad na toirthe mar théid clú,
ná tréig an Coimdhe ar cheo;
táinig mar chiaigh tre chlí mná;
biaidh mar tá mar do bhí beo.

11 Tuille grás nach téid i dtrágh
ná tréig do ghnáth Muire mhór
earla fionn as daingean dún,
mionn súl na n-aingeal ’s na n-ógh.

12 Ar n-eochair, ar n-eite lúidh,
red bheathaidh seice ná sín:
bheith ar a tí tug dot óidh
’s í ’n-a hóigh agus rug rígh.

13 Ná tréig Muire Máthair Dé,
táthaigh a croidhe red chlí;
ná gabh mearbhall tar an mnaoi
saoi glan as neamhghann im ní. Ní.

14 Peadar easbal do b’úr dlaoi
ag túr na beathadh do bhí;
tug a chaolchorp fa chuing nDé
do thuill sé ar naomhthacht gach ní. Ní.